

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, FÓMHAR, 2024

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR I – 100 MARC (85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí uair an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-
 - (a) Is ábhair thábhachtacha iad an Mhatamaitic agus an tOideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta i gcuraclam na bunscoile.
 - (b) Ní hé lá na báistí lá na bpáistí.
 - (c) Déanann laethanta saoire i dtír eile maitheas do dhuine.
 - (d) Ba chóir níos mó aitheantais a thabhairt do mhná i gcúrsaí spóirt.
 - (e) Baineann go leor buntáistí leis an gcainéal nua teilifíse Gaeilge, *Cúla4*.
(35 mharc)

ROINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

This summer I stayed at home in Ireland for the holidays. I spent a week in Clonakilty, West Cork, with my husband and my two children. We stayed in a hotel in the centre of the town. There was a very nice restaurant in the hotel. We had dinner there two evenings. The hotel was not expensive. We spent a day swimming in the sea and we spent another day on a boat-tour. It was raining on one of the days and we went to the cinema. We watched a film for children. My daughter thought it was very funny. Unfortunately, my son didn't enjoy it! On the last day, we went shopping at a local market and we bought presents for our parents. We also bought local honey. When we open the honey in the winter, it will remind us of our wonderful holidays in West Cork!
(15 mharc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. Where is my roll book? How many children are absent today?
2. Tomás! Don't leave your schoolbag in the passageway!
3. At what time will the next train leave for Dublin?
4. I love teaching! It is great to see children making progress.
5. I like current affairs and I watch *Primetime* regularly.
6. I don't eat meat. I am a vegetarian. I love fruit and vegetables.
7. There is a chemist near the supermarket.
8. Teachers should be kind and understanding.
9. During the summer, I like to do a lot of travel.
10. It is a small house. It has two bedrooms and a comfortable sitting room.

(15 mharc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

'A Bhríd! Dia duit! Ní fhaca mé thú sa seomra foirne ag am (lón),' arsa Pádraig, an Príomhoide. 'Bhí mé ar (dualgas) sa (clós),' a d'fhreagair Bríd. 'An bhfuil cúpla (nóiméad) le spáráil agat anois?' 'Tá,' arsa Bríd, 'ní (bí) mé ag dul abhaile um (tráthnóna) go dtí a ceathair a chlog.' 'Táim ag iarraidh rud éigin a thaispeáint duit,' arsa Pádraig. 'Tar isteach anseo chuig an (oifig). An bhfuil an leabhrán seo (feic) agat?' arsa Pádraig. 'Cén leabhrán é sin?' arsa Bríd. 'Sceitimíní an t-ainm atá (ar: é). Tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín C.O.G.G. Tá sé lán le smaointe spreagúla chun an Ghaeilge a (cuir) chun cinn ar bhealach gníomhach.' 'Tá cuma an-bhreá air sin, ceart go leor, a Phádraig,' arsa Bríd. 'D'fhéadfainn cuid de na gníomhaíochtaí sin a úsáid le Rang a Sé i mbliana. Go raibh míle maith agat as é sin a thaispeáint dom.'

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. Bhí an cluiche ar siúl amuigh (i: an pháirc).
2. Táimid (i: ár: cónaí) i nGaillimh anois.
3. Níl ach beirt (buachaillí) ar an bhfoireann i mbliana.
4. Tá an-spéis ag an múinteoir (i: sibh).
5. Nach bhfuil praghas (na tithe) an-ard?
6. Dá mbeadh airgead ag Tomás, (ceannaigh: sé) gluaisteán nua.
7. Tá an t-arán go léir (ith). Caithfidh mé níos mó a fháil sa siopa.
8. An (buail: sí) leis an bPríomhoide amárach?
9. Is é an fómhar an séasúr is (álainn).
10. Is breá le Barra staidéar a dhéanamh ar na (Amharcealaíona).

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Críostóir Ó Floinn

Curtha in oiriúint ó alt a foilsíodh ag:

<https://tuairisc.ie/cristoir-o-floinn-scribhneoir-ildanach-breis-is-60-saothar-ar-shli-na-firinne/> agus Críostóir Ó Floinn, údar ildánach breis is 60 saothar, ar shlí na fírinne

Bhí Uachtarán an hÉireann Micheál D. Ó hUigín i measc na ndaoine a léirigh ómós don scríbhneoir, Críostóir Ó Floinn, nuair a chuaigh sé ar shlí na fírinne ar 9 Deireadh Fómhair, 2023. Bhí Críostóir cúig bliana agus nócha d'aois. D'fhoilsigh sé os cionn trí scór leabhar i nGaeilge agus i mBéarla i rith a shaoil – úrscéalta, gearrscéalta, aistriúcháin, drámaí, filíocht agus drámaí don raidió agus don teilifís.

Rugadh Críostóir i Mí na Nollag 1927 i gcathair Luimnigh. Ní raibh sé ach deich mbliana d'aois nuair a thosaigh sé ag cumadh drámaí agus dánta i mBéarla agus bhí sé ina chuid déaga nuair a thosaigh sé ag scríobh i nGaeilge. Oileadh ina mhúinteoir bunscoile é agus bhain sé céimeanna amach sa litríocht agus san oideachas ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus ó Choláiste na Tríonóide. Sa bhliain 1952, phós sé Rita Beegan agus saolaíodh seachtar clainne dóibh. Chaith sé tamall ag plé leis an ggraoltóireacht, freisin, agus bhíodh colún aige i nuachtán an *Irish Press* ar feadh ocht mbliana.

Léiríodh cuid dá chuid drámaí in Amharclann na Mainistreach agus ba eisean an chéad drámadóir ar bronnadh sparánacht na hamharclainne sin air. Dhiúltaigh Amharclann na Mainistreach dá dhráma *Cóta Bán Chríost / The Order of Melchizedek*, á chur ina leith go raibh an dráma diamhaslach, cé gur bhuaigh an dráma céanna dhá ghradam – gradam an Oireachtais agus Duais an Chraoibhín.

Foilsíodh dhá leabhar filíochta déag leis. I measc a chuid dánta, bhí croinic fhileata a scríobh sé ag comóradh 100 bliain de Chumann Lúthchleas Gael ina raibh 5,000 líne. 'Centenary' a thug sé ar an dán sin. Scríobh sé go leor úrscéalta agus gearrscéalta agus scríobh sé beathaisnéis ar Nano Nagle.

Tharraing an chinsireacht go leor cainte faoina chuid oibre agus rinneadh díospóireacht i nDáil Éireann faoina leabhar filíochta *Ó Fhás go hAois*. Rinne TG4 scannán faoina shaothar faoin teideal *Leanann Trioblóid Leabhar*. Bhí sé ina bhall tofa d'Aosdána.

1. Cathain a fuair Críostóir Ó Floinn bás?
2. Cén aois a bhí ag Críostóir Ó Floinn nuair a thosaigh sé ag scríobh as Gaeilge?
3. Cé mhéad páiste a bhí ag Críostóir Ó Floinn?
4. Cén fáth ar dhiúltaigh Amharclann na Mainistreach don dráma, *Cóta Bán Chríost*?
5. Cén t-ainm a bhí ar an dán a chum Críostóir Ó Floinn faoi Chumann Lúthchleas Gael?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Tina Turner

Curtha in oiriúint ó alt a foilsíodh ag:

<https://tuairisc.ie/clabhsur-cui-curtha-ar-sceal-bhanrion-an-rac/>

Rugadh an t-amhránaí, Tina Turner (nó Anna Mae Bullock), ar an 26 Mí na Samhna, 1939. Bhí sí ina cumadóir amhrán agus ina haisteoir, freisin. I rith a saoil, bhuaigh sí dhá dhuais Grammy déag dá ceol agus dhíol sí breis agus 100 milliún ceirnín. Ba í an chéad bhean agus an chéad duine den chine gorm a cuireadh ar chlúdach na hirise mór-ráchairte *Rolling Stone*. Chruthaigh sí curiarracht *Guinness* sa bhliain 1988 do thinreamh ag ceolchoirm – 180,000 duine i Staid Maracanã, Rio de Janeiro. Agus í trí bliana is seachtó d'aois, cuireadh grianghraf di ar chlúdach *Vogue* – an duine ba shine a cuireadh ar chlúdach na hirise sin riamh. Tá an-tóir fós ar amhráin léi cosúil le *What's Love Got To Do With It*, *The Best* agus *River Deep, Mountain High*. Tugadh 'Banríon an Rac-Cheoil' uirthi agus bhain fórsa mothálach agus fuinneamh gan staonadh lena teacht i láthair ar an stáitse.

Go pearsanta agus go gairmiúil, bhíodh Tina Turner thuas seal agus thíos seal i rith a saoil. Chuaigh sí ón mbeagán go dtí an mórán, ón mórán go dtí an beagán agus ar ais arís. Ní raibh a hóige éasca óir thréig a máthair a hathair agus an chlann. Thosaigh sí ag obair le Ike Turner agus í sna déaga agus phós sí é ina dhiaidh sin. In agallamh san iris *People*, sa bhliain 1981, nocht sí don saol mór an mhí-úsáid a d'fhulaing sí ar feadh sé bliana déag nuair a bhí sí pósta le Ike. Bhí an mhí-úsáid sin ina scamall os a cionn ar feadh a saoil, fiú nuair a bhain sí cáil dhomhanda amach. Ba dhuine foréigneach tíoránach é Ike. Ba é Ike a bhaist Tina uirthi – leasainm a bhí bunaithe ar charachtar ón tsraith *Sheena: Queen of the Jungle*. D'éirigh léi éalú ó Ike sa deireadh agus ní bhfuair sí ach pingíní ón gcolscaradh; b'éigean di troid, freisin, chun a hainm a choimeád.

Bhuail Tina Turner le Erwin Bach sa bhliain 1986. Bhí sé sé bliana déag ní b'óige ná í. Ag an tús ba chairde iad ach phós siad sa bhliain 2013 ag searmanas san Eilvéis. Ón mbliain, 2013, bhí Tina Turner ag cur fúithi in Küsnacht san Eilvéis. Sa bhliain 2018, d'fhoilsigh sí a cuimhní cinn faoin teideal *My Love Story*. Fuair sí bás san Eilvéis ar 24 Bealtaine, 2023 agus í trí bliana agus ochtó d'aois. Thug go leor ealaíontóirí eile ómós di agus dá ceol tar éis a báis. Ina measc bhí Elton John, Madonna, Mick Jagger agus Cher. D'eisigh Joe Biden, Uachtarán, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Alain Berset, Uachtarán na hEilvéise ráitis phoiblí ina hómós.

1. Conas a chruthaigh Tina Turner curiarracht *Guinness*?
2. Dar leis an alt, cén dá thréith a léirigh Tina Turner agus í ar an stáitse?
3. Céard a nocht Tina Turner faoina fear céile sa bhliain 1981?
4. Cén teideal a bhí ar dhírbheathaisnéis Tina Turner?
5. Conas a léirigh Joe Biden ómós do Tina Turner?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Míneigh Modh na Ráite. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (b) Scríobh comhrá (14-16 líne) idir páiste agus múinteoir faoin teideal, “Laoch na hImeartha ag an gCluiche Iomána,” comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltáí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.
- (c) Céard iad na feidhmeanna teanga atá á gcomhlíonadh ag na heiseamláirí seo a leanas:
- (i) “Is maith liom bainne.”
 - (ii) “Oscail an doras!”
 - (iii) “Is féidir liom rith.”
 - (iv) “Cén t-am a chríochnaigh an cluiche?”
- (15 mharc)
9. (a) I gCur Chuige Cumarsáideach, céard ba chóir tarlú sa Tréimhse Cumarsáide? Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (b) Liostaigh na buntáistí a bhaineann le hObair Bheirte.
- (c) Mar mhúinteoir, conas a mhíneofá na focail / frásaí seo a leanas: “ionadh,” “ag canadh,” “bosca garchabhrach.”
- (15 mharc)
10. (a) Scríobh scéal dar teideal, “Ag súgradh i gclós na scoile” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltáí sna meánranganna.
- (b) Bunaithe ar an scéal céanna, scríobh ceithre cheist ag tosú le “An/Ar,” “Cé,” “Céard/Cad” agus “Cá” agus scríobh na freagraí a ghabhann leis na ceisteanna sin.
- (c) Conas a imrítear an cluiche teanga, “Fiche Ceist” bunaithe ar dhaoine cáiliúla? Tabhair samplaí den teanga a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche.
- (15 mharc)